DRAMHAÍL

GNÍOMHAÍOCHT D05

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Scrúdú bunaithe ar roinnt ábhar dramhaíola a chur sa talamh agus iad a fhaire ar feadh roinnt ama féachaint cé acu a lobhann go tapa agus cé acu a fhanann slán. Is gníomhaíocht mhaith í seo le tosú i Meán Fómhair agus a bheith á faire ar feadh na scoilbhliana.

Cuspóirí
Tuiscint ar céard a dhéanaimid le go leor den dramhaíl agus an tionchar a bhíonn aige sin ar an timpeallacht. Breathnú ar ábhair dhifriúla agus mar a bhíonn siad nuair a fhaightear réidh leo.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Ábhair;
Airíonna agus tréithe ábhair

SESE, Science and Geography –

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag imscrúdú agus ag tástáil, ag clarú agus ag cur in iúl

Am
20-30 nóiméad cur i láthair; 20-30 ag tuar; 10-20 nóiméad ag cur an dramhaíola ag brath ar an mbeidh na poill déanta roimh ré; 20 nóiméad ag seiceáil an dramhaíola i ndiaidh coicíse agus arís tar éis míosa

Nascadh le Scoileanna Glasa
Dramhaíl agus Bruscar

Ag Lobhadh Trína Chéile?

→ AG SCRÚDÚ DRAMHAÍOLA BITH-DÍGHRÁDAITHE AGUS NEAMH-BITHDÍGHRÁDAITHE

CÉARD A THEASTÓIDH UAIT

- Screamha aráin
- Buidéal gloine
- Mála plaisteach
- Cartán bainne nó sú
- Roinnt scragall alúmanaim
- Bileog as páipéar nuachta
- A ndóthain miotóga ruibéir nó plaisteach dóibh siúd a bheidh ag láimhseáil an dramhaíola

Nóta: I gcás ranganna sinsearacha d'fhéadfadh an rang smaoineamh ar an liosta ábhar a bheidh le cur acu.

CÉARD A DHÉANFAIDH TÚ

Roimh ré
Beidh tú ag cur ábhair dhramhaíola i gclós na scoile mar sin b'fhéidir go bhfearr leat na poill a dhéanamh tú féin nó iarraidh ar na daltaí poill a dhéanamh roimh ré.

1. Fiafraigh de na daltaí an bhfuil na hábhair seo feicthe acu sa mbaile, agus cén chaoi a bhfaigheann siad réidh leo. Faigh amach céard a tharlaíonn do dhramhaíl nuair a thugtar chun bealaigh i leoraí bruscair í.
2. Mínigh gur dramhaíl í dramhaíl bith-díghrádaithe a bhrisfidh ina phíosaí (i.e. lobhadh, nó brisfidh baictéar síos é). Is minic a ghlaoitear dramhaíl orgánach uirthi agus i measc ábhair mar sin tá bia agus dramhaíl ón ngairdín, páipéar, cairtchlár agus roinnt cineálacha adhmad agus teicstíle.

ar leanúint →

DRAMHAÍL

GNÍOMHAÍOCHT D05

ar leanúint →

3 Cuirtear os cionn 90% de dhramhaíl na hÉireann chuig láithreacha líonta talún faoi láthair (naoi mbosca bruscair as deich gcinn). Clúdaítear le puiteach an dramhaíl nó cuirtear i dtalamh é, ansin cuirtear sraith eile dramhaíola anuas air, sraith eile puitigh agus mar sin de.

4 Inis don rang go bhfuil tú ag dul ag cur na n-ábhar i gclós na scoile. Abair leo déanamh amach céard a tharlóidh má bhaineann tú na hábhair tar éis coicíse agus ansin tar éis míosa.

5 Féadfaidh na daltaí an rud a cheapann siad a tharlóidh a bhreacadh síos ar an mbileog atá acu. Féadfar a bheith ag faire ar feadh tréimhse níos faide.

6 Cuir na hábhair agus marcáil an spota!

7 Tar ar ais tar éis coicíse agus breathnaigh ar na hábhair dhramhaíola, breac síos céard atá tarlaithe dóibh agus clúdaigh le puiteach arís iad. Ba cheart go mbeadh miotóga ar aon duine a théann gar don dramháil agus a gcuid lámha a ní ina dhiaidh sin.

8 Déan an rud céanna tar éis míosa agus breac síos céard a bheidh tarlaithe.

Ceisteanna

1 Abair leis na daltaí smaoineamh ar bhealaí eile chun déileáil le gach ábhar dramhaíola seachas iad a chur sa mbosca bruscair le dumpáil. Déan múirín agus úsáid sa ngairdín é, úsáid buidéil phlaisteacha arís, tabhair na hábhair chuig ionad athchúrsála.

2 Déan plé ar cheisteanna a bhaineann le líonta talún (láithreacha dumpála), mar an spás a thógann siad suas agus fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú mar boladh nó iad a bheith ag breathnú gránna. Pléann Caibidil 13 de Ireland's Environment 2004 na ceisteanna seo, agus tá mapa sa leabhar de na láithreacha líonta talún ar fad in Éirinn (féach www.epa.ie)

Ar aghaidh leat

1 Déan suirbhé bruscar i gclós na scoile nó sa gceantar áitiúil

Nóta: Níor cheart do leanaí an dramhaíl a láimhseáil.

2 Breac síos gach ábhar bruscair agus cibé an bhfuil sé bith-díghrádaithe. Mura bhfuil, an féidir é a athchúrsáil go háitiúil?

3 Déan carnán múiríne sa scoil (féach Gníomhaíocht Dramhaíola 8)



Cuirimid 9 mála dramhaíola as 10 gcinn ag láithreacha líonta talún i gcónaí in Éirinn..

DRAMHAÍL

GNÍOMHAÍOCHT D05

Pointe eolais

1 Is éard is dramhaíl bith-díghrádaithe ann ná dramhaíl a imeoidh ó na chéile, a rachaidh lofa nó a bhrisfidh síos.

2 Cuireann muid 9 mála dramhaíola as 10 gcinn ag láithreacha líonta in Éirinn fós.

3 Is dramhaíl bith-díghrádaithe iad thart ar 6 mhála bruscair amach as 10 mála in Éirinn.

Ábhar le cur	Tuar: Céard a tharlóidh tar éis coicíse?	Céard a tharla?	Tuar: Céard a tharlóidh tar éis míosa?	Céard a tharla
Screamh Aráin				
Buidéal Gloine				
Mála plaisteach				
Cartán bainne nó sú				
Scragall alúmanaim				



Cuirimid 9 mála dramhaíola as 10 gcinn ag láithreacha líonta talún i gcónaí in Éirinn..